



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 2 2016

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11.00rn 23 Lúnasa 2016

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 2 2016	Athrú bliantúil
Fostaithe	2,014,900	+ 56,200
Dífhostaithe	187,800	- 23,400
Sa Lucht Saothair	2,202,700	+ 32,800
Gan a bheith sa Lucht Saothair	1,434,900	- 2,200

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 2.9% nó 56,200 duine sa bhliain go dtí Ráithe 2 2016, rud a fhágann an líon iomlán daoine i bhfostaíocht ag 2,014,900.
- ◆ Ar bhonn coigeartaithe de réir séasúir, tháinig méadú de 20,000 duine (+1.0%) ar fhostaíocht le linn na ráithe. Tagann an méadú seo i gcomharbacht ar mhéadú coigeartaithe de réir séasúir de 16,100 (+0.8%) ar líon na ndaoine i bhfostaíocht i R1 2016.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Bhí an ráta dífhostaíochta coigeartaithe de réir séasúir i gcaitheamh na ráithe seo gan aon athrú ó R1, ag 8.4%.
- ◆ Laghdú de 23,400 (-11.1%) a tháinig ar líon na ndaoine dífhostaithe sa bhliain go R2 2016, rud a fhágann líon iomlán na ndaoine dífhostaithe ag 187,800.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 5.5% go 4.4% i gcaitheamh na bliana go R2 2016. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 51.1% den líon iomlán dífhostaíochta i R2 2016, a sheasann i gcomparáid le 56.1% don tréimhse céanna bliain roimhe sin agus 57.6% sa dara ráithe den bhliain 2014.

Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa dara ráithe de 2016 cothrom le 2,202,700, arb ionann sin agus méadú de 32,800 duine (+1.5%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R2 2016 agus 1,434,900, laghdú de 2,200 duine (-0.2%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@cso.ie
www.cso.ie

Chun teacht ar tuilleadh eolas, téigh i dteagmháil le Jim Dalton ag 021-453 5093 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491.

Facs 021-453 5492.

R-phost labour@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

23 Lúnasa 2016

– CRÍOCH –